**IARSCRÍBHINN III**

Liosta dá dtagraítear in Airteagal 21 den Ionstraim Aontachais

1. SAORGHLUAISEACHT DAOINE

CÁILÍOCHTAÍ GAIRMIÚLA A AITHINT GO FRITHPHÁIRTEACH

31992 L 0051: Treoir 92/51/CEE ón gComhairle an 18 Meitheamh 1992 maidir le dara córas ginearálta chun gairmoideachas agus gairmoiliúint a aithint d'fhonn Treoir 89/48/CEE a fhorlíonadh (IO L 209, 24.7.1992, lch. 25), mar atá arna leasú le:

– 31994 L 0038: Treoir 94/38/CE ón gCoimisiún an 26.7.1994 (IO L 217, 23.8.1994, lch. 8),

– 11994 N: An Ionstraim i dtaobh coinníollacha aontachais agus oiriúnuithe na gConarthaí – Aontachas Phoblacht na hOstaire, Phoblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne (IO C 241, 29.8.1994, lch. 21),

– 31995 L 0043: Treoir 95/43/CE ón gCoimisiún an 20.7.1995 (IO L 184, 3.8.1994, lch. 21).

– 31997 L 0038: Treoir 97/38/CE ón gCoimisiún an 20.6.1997 (IO L 184, 12.7.1997, lch. 31).

– 32000 L 0005: Treoir 2000/5/CE ón gCoimisiún an 25.2.2000 (IO L 54, 26.2.2000, lch. 42).

– 32001 L 0019: Treoir 2001/19/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14.5.2001 (IO L 206, 31.7.2001, lch. 1).

Nuair is iomchuí, déanfaidh an Coimisiún Cinneadh 92/51/CEE a oiriúnú roimh dháta an aontachais ag baint úsáide as an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 15 den Treoir sin chun aontachas na mBallstát nua a chur san áireamh, go háirithe d'fhonn:

(a) na cúrsaí oiliúna paraimíochaine agus cúraim leanaí seo a leanas a chur isteach in Iarscríbhinn C le héifeacht ó dháta an aontachais

"– Czech Republic: physiotherapist ("Fyzioterapeut"), public health protection assistant ("Asistent ochrany veřejného zdraví"), medical laboratory technician ("Zdravotní laborant"), radiology assistant ("Radiologický asistent"), dental technician ("Zubní technik"), pharmacy laboratory technician ("Farmaceutický asistent"), orthotic and prosthetic technician ("Ortoticko-– protetický technik"), paediatric nurse ("Dětská sestra"), nutritional therapist ("Nutriční terapeut");

– Slovakia: dance teacher at basic schools of art ("učiteľ tanca na základných umeleckých školách"), hygiene and epidemiology assistant ("asistent hygienickej služby/asistent hygieny a epidemiológie"), rehabilitation worker/assistant ("rehabilitačný pracovník"/"rehabilitačný asistent"), orthopaedic technician ("ortopedický technik"), dental technician ("zubný laborant"/"zubný technik"), nutritional assistant ("diétna sestra"/"asistent výživy"), health care assistant ("zdravotnícky asistent"), masseur ("masér"), medical laboratory technician ("zdravotnícky laborant"), pharmacy laboratory technician ("farmaceutický laborant");"

(b) na cúrsaí seo a leanas a bhfuil struchtúr speisialta acu a chur isteach in Iarscríbhinn D le héifeacht ó dháta an aontachais

"– Lithuania: regulated courses leading to Level 3 and 4 qualifications accredited as national vocational qualifications in the Republic of Lithuania. These levels are defined as follows:

= Level 3: Competence in complicated work activities performed in spheres that require sufficiently responsible and independent decisions. Ability to organise and manage the activity of a group has been acquired. The "Qualified workers diploma" ("Profesinio mokymo diplomas") is awarded on completion of education and training of three years' duration;

= Level 4: Competence in complicated work activities performed in spheres that require responsibility, independence, profound knowledge and specific skills. Ability to organise and manage the activity of a group has been acquired. The "Advanced education diploma" ("Aukštesniojo mokslo diplomas"*)* is awarded on completion of education and training of three – four years' duration.".

2. TALMHAÍOCHT

A. REACHTAÍOCHT TALMHAÍOCHTA

32000 R 1622: Rialachán (CE) Uimh. 1622/2000 ón gCoimisiún an 24 Iúil 2000 ag leagan síos rialacha mionsonraithe chun Rialachán (CEE) Uimh. 1493/1999 maidir le comheagraíocht an fhíonmhargaidh a chur chun feidhme agus ag bunú cód Comhphobail um chleachtais agus próisis fíoneolaíochta (IO L 194, 23.12.1997, lch. 1), mar atá arna leasú le:

– 32000 R 2451: Rialachán (CE) Uimh. 2451/2000 ón gCoimisiún an 7.11.2000 (IO L 282, 8.11.2000, lch. 7),

– 32001 R 0885: Rialachán (CE) Uimh. 885/2001 ón gCoimisiún an 24.4.2001 (IO L 128, 10.5.2001, lch. 54),

– 32001 R 1609: Rialachán (CE) Uimh. 1609/2001 ón gCoimisiún an 6.8.2001 (IO L 212, 7.8.2001, lch. 9),

– 32001 R 1655: Rialachán (CE) Uimh. 1655/2001 ón gCoimisiún an 14.8.2001 (IO L 220, 15.8.2001, lch. 17),

– 32001 R 2066: Rialachán (CE) Uimh. 2066/2001 ón gCoimisiún an 22.10.2001 (IO L 278, 23.10.2001, lch. 9),

– 32002 R 2244: Rialachán (CE) Uimh. 2244/2002 ón gCoimisiún an 16.12.2002 (IO L 341, 17.12.2002, lch. 27),

Nuair is iomchuí, agus leas á bhaint aige as an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 75 de Rialachán (CEE) Uimh. 1493/1999 ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le comheagraíocht an fhíonmhargaidh, féadfaidh an Coimisiún cinneadh a ghlacadh faoi cheann dháta an aontachais d’fhonn Iarscríbhinn XIII a mhodhnú chun an cion uasta d’aigéad soghalaithe sna fíonta cáilíochta Ungáracha"Késői szüretelésű bor" agus "Válogatott szüretelésű bor" ag 25 milleachoibhéis in aghaidh an lítir.

B. REACHTAÍOCHT TRÉIDLIACHTA AGUS FÍTEASLÁINTÍOCHTA

I. REACHTAÍOCHT TRÉIDLIACHTA

1. 31964 L 0432: Treoir 64/432/CEE ón gComhairle an 26 Meitheamh 1964 maidir le fadhbanna sláinte ainmhithe a dhéanann difear do thrádáil i mbó–ainmhithe agus muca laistigh den Chomhphobal (IO 121, 29.7.1964, lch. 1977/64), mar atá arna leasú agus arna tabhairt suas chun dáta le:

– 31997 L 0012: Treoir 97/12/CE ón gComhairle an 17.3.1997 (IO L 109, 25.4.1997, lch. 1),

agus arna leasú iardain le:

– 31998 L 0046: Treoir 98/46/CE ón gComhairle an 24.6.1998 (IO L 198, 15.7.1998, lch. 22),

– 32000 D 0504: Cinneadh 2000/504/CE ón gCoimisiún an 25.7.2000 (IO L 201, 9.8.2000, lch. 6),

– 32000 L 0015: Treoir 2000/15/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10.4.2000 (IO L 105, 3.2.2000, lch. 34).

– 32000 L 0020: Treoir 2000/20/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16.5.2000 (IO L 163, 4.7.2000, lch. 35),

– 32001 D 0298: Cinneadh 2001/298/CE ón gCoimisiún an 30.3.2001 (IO L 102, 12.4.2001, lch. 63),

– 32002 R 0535: Rialachán (CE) Uimh. 535/2002 ón gCoimisiún an 21.3.2002 (IO L 80, 23.3.2002, lch. 22),

– 32002 R 1226: Rialachán (CE) Uimh. 1226/2002 ón gCoimisiún an 8.7.2002 (IO L 179, 9.7.2002, lch. 13).

Nuair is iomchuí, agus úsáid á baint as an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 17 de Threoir 64/432/CEE ón gComhairle, glacfaidh an Coimisiún faoi cheann dháta an aontachais cinntí chun stádas na mBallstát nua a aithint i ndáil le heitinn bhólachta, brúsalóis bhólachta, galar Aujeszky, leocóis eansótach bhólachta, gaistreintíteas in-tarchurtha agus brucella suis.

2. 31991 L 0068: Treoir 91/68/CEE ón gComhairle an 28 Eanáir 1991 maidir le coinníollacha sláinte ainmhithe a rialaíonn trádáil in ainmhithe de chineál caorach agus de chineál gabhair laistigh den Chomhphobal (IO L 46, 19.2.1991, lch. 19), mar atá arna leasú le:

– 11994 N: An Ionstraim i dtaobh coinníollacha aontachais agus oiriúnuithe na gConarthaí – Aontachas Phoblacht na hOstaire, Phoblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne (IO C 241, 29.8.1994, lch. 21),

– 31994 D 0164: Cinneadh 94/164/CE ón gCoimisiún an 18.2.1994 (IO L 74, 17.3.1994, lch. 42),

– 31994 D 0953: Cinneadh 94/953/CE ón gCoimisiún an 20.12.1994 (IO L 371, 31.12.1994, lch. 14),

– 32001 D 0298: Cinneadh 2001/298/CE ón gCoimisiún an 30.3.2001 (IO L 102, 12.4.2001, lch. 63),

– 32001 L 0010: Treoir 2001/10/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22.5.2001 (IO L 147, 31.5.2001, lch. 41),

– 32002 D 0261: Cinneadh 2002/261/CE ón gCoimisiún an 25.3.2002 (IO L 91, 6.4.2002, lch. 31).

Nuair is iomchuí, agus úsáid á baint as an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 15 de Threoir 91/68/CEE ón gComhairle, glacfaidh an Coimisiún faoi cheann dháta an aontachais cinntí chun stádas na mBallstát nua a aithint i ndáil le brúsalóis (*melitensis*) agus agalaicse thógálach.

II. REACHTAÍOCHT FITEASLÁINTÍOCHTA

1. 31968 L 0193: Treoir 68/193/CEE ón gComhairle an 9 Aibreán 1968 maidir le hábhar iomadaithe fhásrúil na fíniúna a mhargú (IO L 93, 17.4.1968, lch. 15), mar atá arna leasú le:

– 31971 L 0140: Treoir 71/140/CEE ón gComhairle an 22.3.1971 (IO L 71, 25.3.1971, lch. 16),

– 11972 B: An Ionstraim i dtaobh coinníollacha aontachais agus oiriúnuithe na gConarthaí - Aontachas Ríocht na Danmhairge, na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe (IO L 73, 27.3.1972, lch. 14),

– 31974 L 0648: Treoir 74/648/CEE ón gComhairle an 9.12.1974 (IO L 352, 28.12.1974, lch. 43),

– 31977 L 0629: Céad Treoir 77/629/CEE ón gCoimisiún an 28.9.1977 (IO L 257, 8.10.1977, lch. 27),

– 31978 L 0692: Treoir 78/692/CEE ón gComhairle an 25.7.1978 (IO L 236, 26.8.1978, lch. 13);

– 11979 H: An Ionstraim i dtaobh coinníollacha aontachais agus oiriúnuithe na gConarthaí – Aontachas na Poblachta Heilléanaí (IO L 291, 19.11.1979, lch.17),

– 31982 L 0331: Treoir 82/331/CEE ón gCoimisiún an 6.5.1982 (IO L 148, 27.5.1982, lch. 47),

– 31985 R 3768: Rialachán (CEE) Uimh. 3768/85 ón gComhairle an 20.12.1985 (IO L 362, 31.12.1985, lch. 8),

– 31986 L 0155: Treoir 86/155/CEE ón gComhairle an 22.4.1986 (IO L 118, 7.5.1986, lch. 23),

– 31988 L 0332: Treoir 88/332/CEE ón gComhairle an 13.6.1988 (IO L 151, 17.6.1988, lch. 82),

– 31990 L 0654: Treoir 90/654/CEE ón gComhairle an 4.12.1990 (IO L 353, 17.12.1990, lch. 48),

– 11994 N: An Ionstraim i dtaobh coinníollacha aontachais agus oiriúnuithe na gConarthaí – Aontachas Phoblacht na hOstaire, Phoblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne (IO C 241, 29.8.1994, lch. 21),

– 32002 L 0011: Treoir 2002/11/CE ón gComhairle an 14.2.2002 (IO L 53, 23.2.2002, lch. 20).

Nuair is iomchuí, agus úsáid á baint as an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 17 de Threoir 68/193/CEE ón gComhairle, glacfaidh an Coimisiún faoi cheann dháta an aontachais cinneadh chun an Pholainn a scaoileadh go hiomlán nó go páirteach ón oibleagáid chun an Treoir sin a chur i bhfeidhm faoin na coinníollacha atá leagtha amach in Airteagal 18a.

2. 32000 L 0029: Treoir 2000/29/CE ón gComhairle an 8 Bealtaine 2000 maidir le bearta cosanta i gcoinne orgánaigh atá dochrach do phlandaí nó táirgí plandaí a thabhairt isteach sa Chomhphobal agus i gcoinne a leathadh laistigh den Chomhphobal (IO L 169, 31.1.1977, lch. 1), mar atá arna leasú le:

- 32001 L 0033: Treoir 2001/33/CE ón gCoimisiún an 8.5.2001 (IO L 127, 9.5.2001, lch. 42).

- 32002 L 0028: Treoir 2002/28/CE ón gCoimisiún an 19.3.2002 (IO L 77, 20.3.2002, lch. 23).

- 32002 L 0036: Treoir 2002/36/CE ón gCoimisiún an 29.4.2002 (IO L 116, 3.5.2002, lch. 16).

Déanfaidh an Coimisiún Cinneadh 2000/29/CEE a oiriúnú de réir mar is gá roimh dháta an aontachais ag baint úsáide as an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 18 den Treoir sin chun aontachas na mBallstát nua a chur san áireamh, go háirithe d'fhonn an méid seo a leanas a chur isteach:

– *Dendrolimus sibiricus* (Tschetverikov) i bpointe 10 i gCuid A, Roinn I(a) d'Iarscríbhinn I;

– liosta plandaí (*Ambrosia*-spp.) mar phointe (e) i Roinn II, Cuid A d'Iarscríbhinn I.

3. IASCACH

1. 31994 R 1626: Rialachán (CE) Uimh. 1626/94 ón gComhairle an 27 Meitheamh 1994 ag leagan síos bearta teicniúla áirithe chun acmhainní iascaigh a chaomhnú sa Mheánmhuir (IO L 171, 6.7.1994, lch. 1), mar atá arna leasú le:

– 31996 R 1075: Rialachán (CE) Uimh. 1075/96 ón gComhairle an 10. 6. 1996 (IO L 142, 15.6.1996, lch. 1),

– 31998 R 0782: Rialachán (CE) Uimh. 782/98 ón gComhairle an 7. 4. 1998 (IO L 113, 15.4.1998, lch. 6),

– 31999 R 1448: Rialachán (CE) Uimh. 1448/1999 ón gComhairle an 24. 6. 1999 (IO L 167, 2.7.1999, lch. 7),

– 32000 R 0812: Rialachán (CE) Uimh. 812/2000 ón gComhairle an 17. 4. 2000 (IO L 100, 20.4.2000, lch. 3),

– 32000 R 2550: Rialachán (CE) Uimh. 2550/2000 ón gComhairle an 17. 11. 2000 (IO L 292, 21.11.2000, lch. 7),

– 32001 R 0973: Rialachán (CE) Uimh. 973/2001 ón gComhairle an 14. 5. 2001 (IO L 137, 19.5.2001, lch. 1),

Leasóidh an Chomhairle Rialachán (CE) Uimh. 1626/94 roimh dháta aontachais Mhálta d'fhonn na bearta caomhnaithe riachtanacha a bhaineann le Málta a ghlacadh i gcomhréir leis na treoirlínte seo a leanas:

– ba chóir iascaireacht sa chrios bainistíochta 25 míle a theorannú go hiascaireacht chósta ar an mionchóir, ní a chiallaíonn soithí iascaireachta ar lú a bhfad foriomlán nach ná 12 méadar agus nach n-úsáideann fearais arna dtarraingt le cumhacht an innill, amach ó na heisceachtaí atá leagtha amach thíos. Ní rachaidh an iarracht iomlán arna déanamh ag soithí faoi bhun 12 méadar thar an leibhéal a bhí ann le blianta beaga anuas;

– ar a shon sin, ní údarófar do thrálaeir nach mó a bhfad foriomlán ná 24 méadar iascaireacht sa chrios bainistíochta 25 míle laistigh de cheantair intrálaeireachta áirithe. Ní rachaidh cumas foriomlán iascaireachta trálaer, arna thomhas i dtéarmaí inneallchumhachta (kW), thar an inneallchumhacht a taifeadadh sna blianta 2001-2001 i gceantar an chreasa bhainistíochta 25 míle agus ní rachaidh inneallchumhacht gach trálaeir leithligh atá ag iascaireacht in uiscí nach doimhne ná 200 méadar thar 185 kW (250 EC). Féadfar na teorainneacha sin a choigeartú de réir fianaise eolaíochta cáilithe nua arna moladh ag na comhlachtaí ábhartha eolaíochta.

– beidh uasteorainn 130 ar líon na soithí a fhéadann páirt a ghlacadh in iascach an *lampuki (Coryphaena hippurus* – dorád). FCE (feisteas comhiomlánaithe éisc) a chionroinnt agus a leagan síos sa séasúr iascaireachta a leanann de ghnáth ó Lúnasa go Nollaig, beidh sé ar oscailt d'iascairí uile an Chomhphobail ar bhonn neamhidirdhealaitheach, ach amháin nach dtosóidh sé ach lasmuigh de 12 míle i gcás iascairí nach Máltaigh iad;

– áireofar ar liosta gach soitheach ar mó a fhad foriomlán ná 12 méadar atá údaraithe iascaireacht sa chrios bainistíochta 25 míle agus a chuimsíonn trálaeir ghrinnill, soithí a bhíonn ag iascaireacht le péaslíonta saighne "lampara", soithí a bhíonn ag iascaireacht *lampuki* le FCE agus soithí a bhíonn ag iascaireacht tuinníní agus speiceas forimirceach le mórlíonta peiligeacha saighne sparán agus le fadlínte tionsclaíocha. Ní foláir d'aon mhéadú a d'fhéadfadh teacht ar an iarracht iascaireachta caomhnú inbhuanaithe an chreasa a áirithiú.

Na rialacha mionsonraithe chun an liosta thuasluaite a bhunú do chóras faireacháin don iarracht iascaireachta agus, más gá, d'iascach *lampuki* sa chrios bainistíochta 25 míle, glacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 18 de Rialachán (CEE) 3760/92 [1] ag bunú córas Comhphobail le haghaidh iascaigh agus dobharshaothraithe. Cinnfear modhanna éifeachtacha faireacháin i gcomhréir leis an acquis.

Déanfar na coinníollacha don bhainistíocht ar an iarracht iascaireachta seo a athmheasúnú ar bhonn fianaise eolaíochta cáilithe nua arna moladh ag na comhlachtaí eolaíochta ábhartha, tráth aontachais Mhálta, d'fhonn a n-éifeachtaí ar chaomhnú stoc a mheasúnú.

Tráth aontachais Mhálta, déileálfar ar leibhéal Comhphobail le fadhb na neamhréireachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann idir fearais éagsúla iascaireachta agus na bearta a d'fhéadfadh iad a laghdú.

---

1 IO L 389, 31.12.1992, lch. 1.

Ar cothrom le Rialachán (CE) Uimh. 1239/98 [1] ag leasú Rialachán (CE) Uimh. 894/97 ag leagan síos bearta teicniúla áirithe chun acmhainní iascaigh a chaomhnú, toirmiscfear sruthlíonta a úsáid sa chrios bainistíochta 25 míle.

Beidh na bearta caomhnaithe seo neamh-idirdhealaitheach agus cuirfear i bhfeidhm iad sa chrios bainistíochta 25 míle ina iomláine.

Tá an réiteach thuas gan dochar d'éabhlóid an dlí thánaistigh sa réimse seo.

2. 31998 R 0088 Rialachán (CE) Uimh. 88/98 ón gComhairle an 18 Nollaig 1997 ag leagan síos bearta teicniúla áirithe chun acmhainní iascaigh a chaomhnú in uiscí Mhuir Bhailt, na gCriosanna agus an Chaolais (IO L 9, 15.1.1998, lch. 1), mar atá arna leasú le:

– 31998 R 1520: Rialachán (CE) Uimh. 1520/98 ón gComhairle an 13.7.1998 (IO L 201, 17.7.1998, lch. 1),

Leasóidh an Chomhairle Rialachán (CE) Uimh. 88/98 roimh dháta an aontachais d'fhonn na bearta caomhnaithe is gá a ghlacadh i gcomhréir leis na treoirlínte seo a leanas:

---

[1] IO L 171, 17.6.1998, lch. 1.

– ní foláir d'inneallchumhacht na mbád atá údaraithe iascaireacht i Murascaill Ríge gan dul thar 221 kW;

– áireofar na báid atá údaraithe iascaireacht i Murascaill Ríge ar liosta; bunófar an liosta d’fhonn a áirithiú nach rachaidh an cumas foriomlán iascaireachta, arna thomhas i dtéarmaí inneallchumhachta (kW), thar an inneallchumhacht a taifeadadh sna blianta 2000-2001 i Murascaill Ríge.

Déanfar na rialacha mionsonraithe chun an liosta agus córas faireacháin don iarracht iascaireachta a bhunú le haghaidh Mhurascaill Ríge a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 18 de Rialachán (CEE) Uimh. 3760/92 [1] ag bunú córas Comhphobail don iascach agus don dobharshaothrú.

Beidh na bearta teicniúla caomhnaithe seo neamh-idirdhealaitheach agus cuirfear i bhfeidhm iad i Murascaill Ríge ina hiomláine.

Tá an réiteach thuas gan dochar d’éabhlóid an dlí thánaistigh sa réimse seo.

---

[1] IO L 389, 31.12.1992, lch. 1.

4. STAIDREAMH

1. 31977 D 0144: Cinneadh 77/144/CEE ón gCoimisiún an 22 Nollaig 1976 ag leagan síos an chóid chaighdeánaigh agus na rialacha caighdeánacha a rialaíonn trascríobh go foirm mheaisín-inléite a dhéanamh ar shonraí na suirbhéanna ar phlandálacha speiceas áirithe de chrainn torthaí agus ag leagan síos theorainneacha na limistéar táirgthe do na suirbhéanna sin (IO L 47, 18.2.1977, lch. 52), mar atá arna leasú le:

– 31981 D 0433: Cinneadh 81/433/CEE ón gCoimisiún an 7.5.1981 (IO L 167, 24.6.1981, lch. 12),

– 31985 D 0608: Cinneadh 85/608/CE ón gCoimisiún an 13.12.1985 (IO L 373, 31.12.1985, lch. 59),

– 31987 D 0228: Cinneadh 87/228/CE ón gCoimisiún an 16.3.1987 (IO L 94, 8.4.1987, lch. 32),

– 31991 D 0618: Cinneadh 91/618/CE ón gCoimisiún an 18.11.1991 (IO L 333, 4.12.1991, lch. 23),

– 31995 D 0531: Cinneadh 95/531/CE ón gCoimisiún an 29.11.1995 (IO L 302, 15.12.1995, lch. 37),

– 31996 D 0689: Cinneadh 96/689/CE ón gCoimisiún an 25.11.1996 (IO L 318, 7.12.1996, lch. 14).

Nuair is iomchuí, beidh gá le hIarscríbhinn I “Detailed provisions”, pointí (1) "Country" agus (2) "Production area", agus Iarscríbhinn III a oiriúnú, ag cur san áireamh aontachas Phoblacht na Seice, na hEastóine, na Cipire, na Laitvia, na Liotuáine,na hUngáire, Mhálta, na Polainne, na Slóivéine agus na Slóvaice.

2. 31979 D 0491: Cinneadh 79/491/CEE ón gCoimisiún an 17 Bealtaine 1979 ag leagan síos cóid agus rialacha caighdeánacha le haghaidh trascríobh go foirm mheáisín-inléite a dhéanamh ar shonraí na mbunsuirbhéanna ar limistéir fhiniúnacha (IO L 129, 28.5.1979, lch. 9), mar atá arna leasú le:

– 31985 D 0620: Cinneadh 85/620/CE ón gCoimisiún an 13.12.1985 (IO L 379, 31.12.1985, lch. 1),

– 31996 D 0020: Cinneadh 96/20/CE ón gCoimisiún an 19.12.1995 (IO L 7, 10.1.1996, lch 6),

– 31999 D 0661: Cinneadh 99/661/CE ón gCoimisiún an 9.9.1999 (IO L 26, 17.10.1999, lch. 42).

A luaithe is féidir i ndiaidh an aontachais, déanfaidh an Buanchoiste um Staidreamh Talmhaíochta an liosta de na réigiúin fíonsaothraithe agus na cóid de chuid na mBallstát nua atá le cur le hIarscríbhinn II a fhormheas ar bhonn togra ón gCoimisiún.

3. 31980 D 0765: Cinneadh 80/765/CEE ón gCoimisiún an 8 Iúil 1980 ag leagan síos cóid agus na rialacha caighdeánacha le haghaidh trascríobh go foirm mheáisín-inléite a dhéanamh ar na sonraí a bhaineann le suirbhéanna idirmheánacha staidrimh ar limistéir fhiniúnacha (IO L 213, 16.8.1980, lch. 34), mar atá arna leasú le:

– 31985 D 0621: Cinneadh 85/621/CE ón gCoimisiún an 13.12.1985 (IO L 379, 31.12.1985, lch. 12),

– 31996 D 0020: Cinneadh 96/20/CE ón gCoimisiún an 19.12.1995 (IO L 7, 10.1.1996, lch 6),

– 31999 D 0661: Cinneadh 99/661/CE ón gCoimisiún an 9.9.1999 (IO L 26, 17.10.1999, lch. 42).

A thúisce is féidir i ndiaidh an aontachais, déanfaidh an Buanchoiste um Staidreamh Talmhaíochta an liosta de na réigiúin fíonsaothraithe agus na cóid de chuid na mBallstát nua atá le cur le hIarscríbhinn II a fhormheas ar bhonn togra ón gCoimisiún.

4. 31994 D 0432: Cinneadh 94/432/CE ón gCoimisiún an 30 Bealtaine 1994 ag leagan síos rialacha mionsonraithe chun Treoir 93/23/CEE ón gComhairle a chur i bhfeidhm maidir le suirbhéanna staidrimh ar líon agus táirgeadh muc (IO L 179, 13.7.1994, lch. 22), mar atá arna leasú le:

– 31995 D 0380: Cinneadh 95/380/CEE ón gCoimisiún an 18.9.1995 (IO L 228, 23.9.1995, lch. 25),

– 31999 D 0047: Cinneadh 1999/47/CE ón gCoimisiún an 8.1.1999 (IO L 15, 20.1.1999, lch. 10),

– 31999 D 0547: Cinneadh 1999/547/CE ón gCoimisiún an 14.7.1999 (IO L 209, 7.8.1999, lch. 33),

Nuair is iomchuí, beidh gá le hIarscríbhinn IV pointí (a)-(e) a oiriúnú, ag cur san áireamh aontachas Phoblacht na Seice, na hEastóine, na Cipire, na Laitvia, na Liotuáine, na hUngáire, Mhálta, na Polainne, na Slóivéine agus na Slóvaice.

5. 31994 D 0433: Cinneadh 94/433/CE ón gCoimisiún an 30 Bealtaine 1994 ag leagan síos rialacha mionsonraithe chun Treoir 93/24/CEE ón gComhairle a chur i bhfeidhm maidir le suirbhéanna staidrimh ar líon agus táirgeadh bólachta agus ag leasú na Treorach sin (IO L 179, 13.7.1994, lch. 27), mar atá arna leasú le:

– 31995 D 0380: Cinneadh 95/380/CE ón gCoimisiún an 18.9.1995 (IO L 228, 23.9.1995, lch. 25),

– 31999 D 0047: Cinneadh 1999/47/CE ón gCoimisiún an 8.1.1999 (IO L 15, 20.1.1999, lch. 10),

– 31999 D 0547: Cinneadh 1999/547/CE ón gCoimisiún an 14.7.1999 (IO L 209, 7.8.1999, lch. 33),

Nuair is iomchuí, beidh gá le hIarscríbhinn V pointí (a)-(e) a oiriúnú, ag cur san áireamh aontachas Phoblacht na Seice, na hEastóine, na Cipire, na Laitvia, na Liotuáine, na hUngáire, Mhálta, na Polainne, na Slóivéine agus na Slóvaice.

## 5. BEARTAS RÉIGIÚNACH AGUS COMHORDÚ IONSTRAIMÍ STRUCHTÚRACHA

31999 R 1260: Rialachán (CE) Uimh. 1260/1999 ón gComhairle an 21 Meitheamh 1999 ag leagan síos forálacha ginearálta maidir leis na Cistí Struchtúracha (IO L 161, 26.6.1999, lch. 1), mar atá arna leasú le:

– 32001 R 1447: Rialachán (CE) Uimh. 1447/2001 ón gComhairle an 28.6.2001 (IO L 198, 21.7.2001, lch. 1).

De bhun na chéad fhomhíre d’Airteagal 4(4) de Rialachán (CE) Uimh.1260/1999 ón gComhairle, déanfaidh an Coimisiún, nuair is iomchuí agus i ndlúthchomhar leis an mBallstát i dtrácht, Cinntí a ghlacadh a luaithe is féidir i ndiaidh an aontachais ag tarraingt suas liostaí de na limistéir sin de Phoblacht na Seice, den Eastóin, den Chipir, den Laitvia, den Liotuáin, den Ungáir, de Mhálta, den Pholainn, den tSlóivéin agus den tSlóvaic atá cáilithe faoi Chuspóir 2 de na Cistí Struchtúracha don tréimhse ó dháta an aontachais go dtí 2006. Urramóidh na Cinntí sin na huasteorainneacha daonra do gach ceann de na Ballstáit sin atá leagtha síos i gCinneadh 1999/503/CE ón gCoimisiún, mar atá arna leasú san Ionstraim seo.